AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 213 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Cipire

{SWD(2025) 213 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Cipire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.

cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[3] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis.

---

3 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

5 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Chipir caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 17 Bealtaine 2021, chuir an Chipir a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 20 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire[6] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[7]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an gCipir. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Cipire[8]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Cipire 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar shainaithin go bhfuil an Chipir ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[9] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

---

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire (10686/2021).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire (15571/2024).

8 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Cipire, IO C/2025/10/2.

9 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 13.5.2025, ELI: http:// data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).)

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach agus fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an gCipir. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an gCipir ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an gCipir. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Cipire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(11) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an gCipir faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Cipire, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 13 Bealtaine 2025[10]. An 4 Meitheamh 2025, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an gCipir a thuilleadh. Go háirithe, tá leochaileachtaí a bhaineann le fiachas seachtrach agus príobháideach ag laghdú, i bpáirt mar gheall ar fhás láidir eacnamaíoch, agus tacaítear a thuilleadh le laghdú fiachais rialtais le barrachais bhuiséadacha leanúnacha; tá an t-easnamh sa chuntas reatha fós suntasach. Tá dul chun cinn tábhachtach déanta ag an gCipir maidir le bearta a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar a cuid leochaileachtaí. Tá fiachas teaghlaigh agus fiachas corparáideach neamhairgeadais ag titim mar sciar de OTI, a bhuí go príomha le héifeachtaí láidre ainmneora mar gheall ar fhás ard ainmniúil OTI. Tá sciar mór den fhiachas corparáideach dlite ag eintitis shainchuspóireacha, a bhfuil a n-iasachtóirí lonnaithe lasmuigh den Chipir, agus a bhfuil rioscaí teoranta ag baint leo don gheilleagar. Ina theannta sin, tá laghdú suntasach ag teacht ar iasachtaí neamhthuillmheacha atá i seilbh banc mar gheall ar dhíolacháin, díscríobh agus aisíocaíochtaí. Tá laghdú ag teacht freisin ar iasachtaí neamhthuillmheacha atá i seilbh cuideachtaí fála creidmheasa, rud a fhágann go bhfuil an fiachas ag laghdú a thuilleadh. Tá an fiachas rialtais ag laghdú go tapa agus tuartar go gcoinneoidh an Chipir barrachais bhuiséadacha. D'ainneoin laghdú in 2024, tá an t-easnamh sa chuntas reatha fós ard agus meastar nach dtiocfaidh ach feabhas beag air; tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta dhiúltach fós suntasach ach tá sí boilscithe go mór mar gheall ar eintitis shainchuspóireacha a bheith ann nach bhfuil naisc dhíreacha shuntasacha acu leis an ngeilleagar intíre. Tá dul chun cinn beartais á dhéanamh ag an gCipir chun aghaidh a thabhairt ar a cuid leochaileachtaí. Go háirithe, tháinig an creat foriaimh i bhfeidhm go hiomlán in 2024, agus meastar go ndéanfaidh reachtaíocht arb é is aidhm di réiteach na n-iasachtaí neamhthuillmheacha a éascú féichiúnas teaghlaigh a laghdú agus borradh a chur faoina gcoigilteas.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(12) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Cipire: 6,0 % in 2025, 5,0 % in 2026, 5,4 % in 2027, agus 4,3 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 8,9 % in 2025, 14,3 % in 2026, 20,5 % in 2027 agus 25,7 % in 2028. An 30 Aibreán 2025, chuir an Chipir a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn[11] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Cipire i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

---

10 SWD(2025) 68 final.

11 Tá na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025 le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga

(13) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin.

(14) Ar bhonn na sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat[12], tháinig méadú ar bharrachas rialtais ghinearálta na Cipire ó 1,7 % de OTI in 2023 go 4,3 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 73,6 % de OTI ag deireadh 2023 go 65,0 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 2,9 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an Chipir gurb é 3,2 % an fás glanchaiteachais in 2024. Measann an Coimisiún go raibh an fás glanchaiteachais níos ísle ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Is é is cúis leis an difríocht idir ríomhanna an Choimisiúin agus meastacháin na n-údarás náisiúnta caiteachas iomlán níos ísle agus asbhaintí níos airde do chómhaoiniú náisiúnta chláir an Aontais, rud a léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil[13]. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[14], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí staid fhioscach chrapthach ann in 2024, mar atá 1,9 % de OTI.

(15) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Cipire, tá coinne le fás fíor-OTI 3,1 % in 2025 agus 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 1,9 % ann in 2025 agus 2,1 % in 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 3,0 % in 2025 agus faoi 2,5 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,0 % ann in 2025 agus 2026.

(16) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 3,5 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le laghdú go 57,4 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 6,8 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh barrachas rialtais 3,5 % de OTI ann in 2025. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 7,3 % in 2025. Na réamh-mheastacháin níos airde sin maidir le fás glanchaiteachais ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is é is cúis leo go bhfuil an Coimisiún ag súil le méadú beagán níos láidre ar fhás glanchaiteachais in 2025, cé go bhfuil sé ag tosú ó bhonn níos ísle. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go

---

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

13 Tá figiúirí an Choimisiúin le haghaidh 2024 bunaithe ar shonraí olltoraidh i gcomhréir le fógra fioscach mhí Aibreáin 2025, agus braitheann na húdaráis náisiúnta ar shonraí níos luaithe.

14 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,1 % de OTI. Meastar go dtiocfaidh laghdú go 58,0 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 an barrachas ard rialtais mar aon le fás eacnamaíoch láidir.

(17) Meastar go maoineofar caiteachas ginearálta rialtais ar fiú 1,1 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,4 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Cipire.

(18) 1,7 % de OTI in 2021, 1,5 % de OTI in 2022 agus 1,9 % de OTI in 2023, ba é sin caiteachas cosanta an rialtais ghinearálta sa Chipir[15]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 1,4 % de OTI in 2024 agus 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do laghdú 0,3 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(19) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Chipir faoi 7,3 % in 2025 agus gur fás carnach 10,4 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh fás glanchaiteachais na Cipire in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall[16] 0,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,5 % de OTI. Tá an diall réamh-mheasta níos mó ná an tairseach 0,3 % de OTI le haghaidh an diallta bhliantúil ach ní sháraíonn sé an tairseach 0,6 % de OTI le haghaidh an diallta charnaigh. Ar an iomlán, ciallaíonn sé sin go bhfuil riosca diallta ann ón bhfás glanchaiteachais uasta a mholtar, nuair a bheidh sonraí olltoraidh le haghaidh 2025 ar fáil san earrach seo chugainn.

(20) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 3,7 % de OTI in 2026, agus réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 52,6 % faoi dheireadh 2026. Tar éis 2026, sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go bhfanfaidh an barrachas rialtais ghinearálta ag 3,7 % de OTI in 2027 agus 2028. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú tar éis 2026 ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 48,4 % in 2027 agus go 43,3 % in 2028. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún barrachas rialtais ghinearálta 3,4 % de OTI in 2026. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d’fhás glanchaiteachais 5,4 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach chrapthach ann in 2026, mar atá 0,6 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go

[15] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

[16] Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

51,9 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2026 an barrachas ard rialtais mar aon le fás eacnamaíoch láidir.

Príomhdhúshláin bheartais

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Cipire leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh an Chipir dlús le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha. Ba cheart don Chipir a hacmhainneacht riaracháin a mhéadú chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, chun dlús a chur le forghníomhú infheistíochta, agus chun dul chun cinn a choinneáil ar bun maidir le príomh-athchóirithe a chur chun feidhme. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Sa Chipir, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa an chláir sin a áirithiú, agus a thionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Chipir ag gníomhú cheana féin faoina clár beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. An tráth céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an gCipir, lena n-áirítear teochtaí atá ag dul i méid agus rioscaí triomaigh, dhá rud atá ag cur brú méadaithe ar sholáthar uisce agus ar bhonneagar criticiúil, chomh maith le ganntanas lucht saothair agus mí-oiriúint scileanna. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an gCipir – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – a clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[17], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leis freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin

[17] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM (2025) 123 final.

iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh.

(23) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Chipir na tionscnaimh sin a úsáid chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(24) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an gCipir a bhaineann le taighde agus nuálaíocht, rochtain ar mhaoiniú, an timpeallacht ghnó, an t-aistriú fuinnimh, oiriúnú don athrú aeráide, mí-oiriúint scileanna agus ganntanais lucht saothair.

(25) Tá infheistíocht phoiblí agus phríobháideach T&F sa Chipir fós ag ceann de na leibhéil is ísle san Aontas, agus déine phoiblí T&F marbhánta ag 0,29 % de OTI in 2023 (meán an Aontais: 0,72 %) agus T&F i measc gnólachtaí ag titim go 0,28 %, méid atá cúig huaire faoi bhun mheán an Aontais. Eascraíonn sé sin as tosca struchtúracha, cuir i gcás geilleagar seirbhísbhunaithe, líon teoranta gnólachtaí móra, margadh cothromais phríobháidigh tearcfhorbartha agus buiséad beag le haghaidh dreasachtaí. D'ainneoin cistiú íseal, tá aschur láidir eolaíoch ag an gCipir, ach tá sí lag ó thaobh tráchtálaithe de, gan ach 0,7 iarratas ar phaitinní aici in aghaidh EUR 1 bhilliún de OTI in 2022 (meán an Aontais: 3,2). Tá éiceachóras na nuálaíochta ilroinnte, agus tá naisc laga idir ollscoileanna, gnólachtaí nuathionscanta, an rialtas agus earnáil an airgeadais. Tá laghdú ag teacht ar líon na gcéimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), agus tá an dlús taighdeoirí fós íseal. Tá spriocanna agus táscairí, sásra faireacháin agus meastóireachta, measúnuithe tionchair, agus cistiú fadtéarmach in easnamh sa straitéis taighde agus nuálaíochta atá ann faoi láthair, agus tá gá le feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil don tráchtálú agus do chaipiteal fiontair ardriosca.

(26) Tá córas airgeadais dea-fheidhmiúil éagsúlaithe fíor-riachtanach chun borradh a chur faoin infheistíocht, faoin nuálaíocht agus faoin athléimneacht eacnamaíoch. Sa Chipir, tá rochtain ar ionstraimí malartacha coigiltis agus infheistíochta teoranta i gcónaí, agus níl na margaí caipitil forbartha go leordhóthanach. Tá earnáil na baincéireachta láidir, ach tá maoiniú neamhbhainc tearcúsáidte go fóill, agus tá teaghlaigh fós ag brath ar thaiscí traidisiúnta bainc, rud a chuireann bac ar an sreabhadh caipitil chuig infheistíochtaí níos táirgiúla. Tá na leibhéil litearthachta airgeadais fós íseal i gcomparáid le meán an Aontais, rud a chuireann srian ar chumas agus ar spreagadh teaghlach dul i mbun straitéisí infheistíochta éagsúlaithe. Ina theannta sin, cuireann láithreacht theoranta infheisteoirí institiúideacha agus caipitil fiontair bac ar na deiseanna maoiniúcháin atá ar fáil do ghnólachtaí nuálacha agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

(27) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: 25 % ar a laghad, agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc

reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Chipir beart a dhéanamh freisin. Measann 68 % de ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Chipir[18]. Tá timpeallacht rialála atá fabhrach don ghnó ríthábhachtach chun borradh a chur faoin infheistíocht, faoin nuálaíocht agus faoin bhfiontraíocht. Tá dul chun cinn déanta ag an gCipir maidir lena timpeallacht ghnó a fheabhsú, lena n-áirítear athchóirithe chun clárú gnó a shimpliú agus laghdú ar íocaíochtaí déanacha in idirbhearta gnólacht le gnólacht agus rialtais le gnólachtaí. Ag an am céanna, tá bacainní rialála agus riaracháin fós suntasach. Nósanna imeachta casta ceadúnaithe agus ceadaithe, ardchostais chomhlíontachta cánach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus bacainní ar iomaíocht i seirbhísí miondíola agus gairmiúla, leanann siad de bheith ag cur isteach ar dhinimiceas gnó.

(28) Tá rialachas fiontar faoi úinéireacht stáit (SOEnna) fós faoi bhun caighdeáin idirnáisiúnta, agus tá easnaimh ann i réimsí amhail beartais úinéireachta agus trédhearcacht airgeadais. Bhunaigh an Chipir Comhairle Chomhairleach le déanaí chun comhaltaí boird na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a ainmniú agus ghlac sí bearta chun maoirseacht airgeadais a fheabhsú. Mar sin féin, in éagmais oibleagáidí tuairiscithe éigeantacha agus fardal cuimsitheach d'eintitis phoiblí, cuirtear bac ar fhaireachán éifeachtach. Eascraíonn ábhair imní as sin freisin maidir le rialachas, cuntasacht, cáilíocht agus praghsáil seirbhísí in earnálacha atá faoi rialú na bhfiontar faoi úinéireacht stáit den chuid is mó, amhail earnáil an leictreachais. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá sé fíor-riachtanach fardal eintiteas poiblí a nuashonrófar go rialta a chruthú agus cur chuige athchóirithe comhordaithe a ghlacadh a mbeidh na páirtithe leasmhara uile rannpháirteach ann. Ba cheart a áireamh leis sin beartas soiléir úinéireachta le haghaidh fiontair faoi úinéireacht stáit a fhorbairt lena sainítear róil, freagrachtaí agus cuntasacht na n-institiúidí a dhéanann maoirseacht ar fhiontair faoi úinéireacht stáit.

(29) Lean an Chipir dá haistriú fuinnimh a chur chun cinn, go háirithe trína táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Mar sin féin, tá táirgí ola agus peitriliam fós ina gcuid mhór den tomhaltas fuinnimh agus ní mór don tír dlús breise a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise ar fud na n-earnálacha uile. Is dúshlán suntasach í an úsáid leanúnach breoslaí iontaise sin maidir le hastaíochtaí GCT foriomlána a laghdú agus sprioc 2030 na Cipire faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach. Tá leithlisiú fuinnimh fós ann agus ní mór é a shárú trí thionscadal Idirnascaire na Mara Móire a bhrostú, tionscadal ar cuireadh moill air. Córas leictreachais agus eangach na Cipire, agus go háirithe córais stórála fuinnimh le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, is gá iad a leathnú agus a uasghrádú. Tá sé ríthábhachtach córais stórála fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt chun acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite sa ghréasán tarchurtha a mhéadú agus chun ciorrú fuinnimh a laghdú. Is tosaíocht i gcónaí é an t-iompar inbhuanaithe agus inacmhainne, ó tharla go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid fuinnimh earnáil iompair na Cipire, go bhfuiltear ag brath go hiomlán ar iompar lasta de bhóthar, agus go bhfuil dreasachtaí agus bonneagar teoranta ann chun an flít a leictriú. Cuireann spleáchas ard na tíre ar allmhairí fuinnimh le leochaileachtaí na hearnála seachtraí. Dá ndéanfaí foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú níos doimhne sa mheascán fuinnimh, neartófaí

[18] 'Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas', Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).

athléimneacht an gheilleagair in aghaidh suaití seachtracha fuinnimh agus dhéanfaí an tír níos tarraingtí d'infheistíocht choigríche tháirgiúil. Ní mór don Chipir dlús a chur lena hiarrachtaí maoiniú príobháideach a ghiaráil le haghaidh feabhsuithe agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe i gcás na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla lena nochtar tomhaltóirí leochaileacha don bhochtaineacht fuinnimh, trína hinstitiúidí airgeadais a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa Chomhghuaillíocht Eorpach um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh, i measc nithe eile.

(30) Is saincheist phráinneach sa Chipir í an bhochtaineacht fuinnimh agus leictreachas inacmhainne cé gur cuireadh bearta tacaíochta spriocdhírithe chun feidhme. Tá an Chipir ar cheann de na tíortha ina bhfuil na praghsanna leictreachais teaghlaigh is airde san Aontas, rud a chuireann tomhaltóirí leochaileacha go háirithe faoi bhrú suntasach airgeadais. Tá riaráistí billí fóntais agus fadhbanna struchtúracha, cuir i gcás sceitheadh uisce agus tais fós forleathan. Cuireann costais arda fuaraithe ualach suntasach ar theaghlaigh freisin.

(31) Tá dúshláin shuntasacha chomhshaoil os comhair na Cipire, go háirithe maidir le ganntanas uisce agus bainistiú dramhaíola. In 2022, bhain saothrú uisce leibhéal criticiúil amach, rud a léiríonn ró-úsáid thromchúiseach acmhainní uisce in-athnuaite. Ídíonn an talmhaíocht 88 % d'uisce an náisiúin, agus i ngeall ar uisciú atá as dáta agus úsáid theoranta teicneolaíochtaí coigilte uisce a bheith in úsáid, cuireann an earnáil leis an bhfadhb. Tá easnamh suntasach san infheistíocht sa bhonneagar uisce sa Chipir, agus tá riachtanais mhóra aici maidir le huisce óil agus cóireáil fuíolluisce. D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh trí Phlean Gníomhaíochta 2021-2027 don Gheilleagar Ciorclach agus tríd an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an ráta úsáide ábhair chiorclaigh agus an táirgiúlacht acmhainní fós faoi bhun mheán an Aontais. In 2022, ní dhearna an Chipir ach 15 % de dhramhaíl chathrach agus 70 % de dhramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáil, agus ag an am céanna, ba í a ghin an sciar ba mhó de dhramhaíl bhia in aghaidh an duine san Aontas. Bhí méideanna dramhaíola cathrach aici freisin atá os cionn an mheáin. D'fhéadfadh muirear líonta talún faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola dá bhforfheidhmeofaí i gceart é.

(32) Tá an Chipir ag éirí níos leochailí i leith rioscaí aeráide, lena n-áirítear falscaithe, báisteach neamhrialta, triomaigh agus stoirmeacha. D'ainneoin na n-infheistíochtaí atá beartaithe, ní leor acmhainní na Cipire le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide i gcomparáid le meáin an Aontais. Is é is aidhm don straitéis náisiúnta oiriúnaithe athléimneacht a mhéadú, í ag díriú ar bhainistiú inbhuanaithe uisce agus ar chosaint chósta, ach tá an cur chuige fós neamhcheangailteach den chuid is mó. Is céimeanna ríthábhachtacha iad rialachas a neartú agus borradh a chur faoin gcomhar i measc aireachtaí agus údaráis áitiúla chun bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun go gcuirfidh an Chipir feabhas ar a hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, sin agus chun ailíniú níos dlúithe le caighdeáin an Aontais.

(33) Bhí feidhmíocht fostaíochta na Cipire láidir, ach tá méadú ag teacht ar an srian ar an bhforbairt eacnamaíoch mar gheall ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna. Tá géarghanntanas roimh phríomhearnálacha, cuir i gcás na hearnálacha tógála, fuinnimh, cúraim sláinte, talmhaíochta agus fáilteachais, rud atá níos measa fós mar gheall ar mhí-oiriúint scileanna agus lucht saothair tearcúsáidte. Ina theannta sin, tá sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (12,9 %) fós níos airde ná meán an Aontais, go háirithe i measc mná óga. Tá an Chipir ag dul i ngleic le laghdú suntasach ar ghnóthachtáil bunscileanna i measc daoine óga freisin, agus is aici

atá an méadú is mó ar thearcghnóthachtáil san Aontas ó 2018 i leith. Is amhlaidh atá mar gheall ar thosca amhail rannpháirtíocht theoranta in oideachas na luath-óige, cur chun feidhme neamhiomlán beartais, agus neamhspleáchas íseal scoile. Cuireann sé sin bac mór ar iarrachtaí athscilithe. Tá rannpháirtíocht sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET) teoranta i gcónaí, agus ní leor deiseanna foghlama obairbhunaithe ná ailíniú le riachtanais sa mhargadh saothair. Sciar na ndaltaí atá cláraithe i réimsí ETIM, is é an sciar is ísle san Aontas, rud a chuireann le ganntanais leanúnacha i réimsí criticiúla le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Ina theannta sin, tá scileanna digiteacha i measc an daonra atá in aois oibre fós íseal, go háirithe i measc grúpaí leochaileacha, agus tá laghdú suntasach tagtha ar rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim. Tá athchóirithe ar siúl a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, cuir i gcás cuntais foghlama aonair, cláir ríomhscileanna, agus nuashonruithe curaclaim a chur chun feidhme, ach níl tionchar iomlán na n-iarrachtaí sin le sonrú go fóill.

(34) Tá an rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh do dhaoine scothaosta teoranta i gcónaí agus tá an caiteachas poiblí i measc na méideanna is ísle san Aontas. Cion na ndaoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu mar gheall ar dheacrachtaí tromchúiseacha le cúram pearsanta nó le gníomhaíochtaí tí, tá sé ar cheann de na cinn is airde san Aontas, ag 34,3 %. Mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar sciar an daonra atá 65 bliana d'aois nó níos sine, beidh éileamh níos airde fós ar chúram fadtéarmach sna blianta amach romhainn. Is measa fós na dúshláin rochtana mar gheall ar ghanntanais oibrithe, arb iad pá íseal agus cumhdach íseal na cómhargála is cúis leo. Chun infhaighteacht, rochtain agus cáilíocht seirbhísí a fheabhsú, d'fhéadfadh an Chipir samhail chomhtháite cúraim fhadtéarmaigh a thabhairt isteach, lena n-ionchorprófaí sásra láidir dearbhaithe cáilíochta le haghaidh gach cineál cúraim fhadtéarmaigh.

(35) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Cipire, cuidíonn moltaí (2), (3) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4) agus (5) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Chipir in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta a threisiú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. A áirithiú go n-urramóidh an glanchaiteachas an chonair a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chlár an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+, CC), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir.

An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Taighde agus nuálaíocht agus tráchtálú torthaí taighde a neartú trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach T&F a chothú, sineirgí taighde-gnó a fheabhsú, agus straitéis taighde agus nuálaíochta fhadtéarmach leanúnach a ghlacadh le táscairí ionchuir-aschuir agus cistiú ilbhliantúil. Éagsúlú an gheilleagair agus infheistíocht tháirgiúil bhreise a éascú trí ionstraimí malartacha coigilte agus infheistíochta a chumasú, litearthacht airgeadais a mhéadú, rannpháirtíocht i margaí caipitil a éascú agus rochtain ar dheiseanna maoinithe neamhbhainc do ghnólachtaí a fheabhsú. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, ag díriú go háirithe ar fheabhas a chur ar nósanna imeachta ceadúnúcháin agus ceadaithe le haghaidh infheistíochta agus bunú gnólachtaí nua. Rialachas fiontar faoi úinéireacht stáit a fheabhsú trína ailíniú le dea-chleachtais idirnáisiúnta, lena n-áirítear boird a ainmniú ar bhonn fiúntais, beartas úinéireachta agus bainistiú feidhmíochtbhunaithe.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an soláthar fuinnimh a éagsúlú a thuilleadh, go háirithe trí idirnaisc fuinnimh a fhorbairt le tíortha comharsanachta, cistiú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus an eangach leictreachais agus saoráidí stórála fuinnimh a uasghrádú chun freastal ar sciar méadaitheach d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Dlús a chur le hinfheistíochtaí i mbonneagar uisce, fuíolluisce agus bainistithe dramhaíola, cleachtais inbhuanaithe maidir le húsáid uisce a chur chun cinn, agus iarrachtaí a neartú chun dramhaíl a chosc agus feabhas a chur ar bhailiú ar leithligh dramhaíola cathrach agus dramhaíola ó phacáistíocht. Feabhas a chur ar chur chun feidhme bearta oiriúnaithe don athrú aeráide, trí dhíriú ar an gcreat institiúideach lena rialaítear an t-oiriúnú don athrú aeráide.

5. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar mhí-oiriúint scileanna trí rannpháirtíocht daoine óga sa mhargadh saothair a neartú, acmhainneacht agus tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú a thuilleadh chomh maith leis an bhfoghlaim aosach a chur chun cinn. Dlús a chur le hiarrachtaí beartais chun scileanna glasa agus digiteacha a neartú. Rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige a mhéadú a thuilleadh, bunscileanna a fheabhsú, agus rannpháirtíocht mac léinn i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM) a mhéadú. Feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus ar an rochtain orthu trí shamhail cúraim fhadtéarmaigh a thabhairt isteach atá nua-aimseartha, maoinithe go leormhaith agus comhtháite.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán